An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Cáipéis ina bhfuil ceisteanna coitianta do na meáin

## Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (Bunscoil agus Iar-bhunscoil)

# Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)

## 1. Cad is Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ann?

Tá Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ina chuid thábhachtach den Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Is éard atá i gceist le OCG, teagasc agus foghlaim faoi gach gné de chaidrimh agus faoi ghnéasacht ar bhealach cuí maidir le haois agus le céim foghlama. Baineann OCG le bheith ag cuidiú le páistí agus le daoine óga foghlaim cén chaoi chun caidrimh shláintiúla dhearfacha a chruthú agus a chothú—leo féin, le gaolta, le cairde agus le caidrimh eile (Chomh maith le caidrimh romānsúla, de réir mar a thagann siad in inmhe). Tá na curaclaim le haghaidh bunscoileanna agus iarbhunscoileanna le feiceáil thíos in íochtar ag na naisc anseo.

- OSPS Bunscoile
- OSPS an tSraith Shóisearach
- OSPS An tSraith Shinsearach

## 2. Ar athbhreithníodh an curaclam OCG?

Athbhreithníodh, ar iarratas an Aire Oideachais, rinne An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) athbhreithniú mór ar OCG i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (Meitheamh 2018-Nollag 2019). San athbhreithniú rinneadh scrúdú ar an gcuraclam OCG, ar an gcur chuige i leith an teagaisc agus na foghlama, tacaíochtaí a bhí ag teastáil, agus ar bhealaí chun an t-eispéireas OCG a fheabhsú don scoláire. San athbhreithniú bhí go leor scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí, ceannairí scoile, taighdeoirí agus eagraíochtaí i gceist, agus iad ag súil le léirthuiscint iomlán a fháil ar nádúr riachtanais na ndaoine óga agus ar an eispéiris de OCG. Foilsíodh an t-athbhreithniú i mí Nollag 2019 agus tá sé ar fáil anseo: https://ncca.ie/media/4462/report-on-the-review-of-relationships-and-sexuality-education-rse-in-primary-and-post-primary-school.pdf.

## 3. Céard a fuarthas amach de bharr an athbhreithnithe?

Is athbhreithniú cuimsitheach leathan a bhí ann a mheall aird go leor daoine, agus seo iad cuid de na príomhthorthaí:

- **Soláthar OCG -** Tugann an fhianaise ón athbhreithniú seo le tuiscint go bhfuil éagsúlacht shuntasach ann sa soláthar OCG ó scoil go scoil i dtaca leis na nithe a theagasctar, an chaoi a dteagasctar iad, an duine a dhéanann an teagasc agus an t-am a chuirtear ar fáil lena aghaidh. Fuarthas amach mar chuid den athbhreithniú nach raibh eispéiris an scoláire ar OCG maith go leor dá riachtanais agus nach raibh siad bainteach leo. I gcás thromlach na scoláirí, is féidir a n-eispéireas ar OCG a choimriú leis an ráiteas *nach raibh go leor ar fáil, gur tháinig sé rómhall, agus é ró-bhitheolaíoch.*
- **An cur chuige comhtháite -** Thaispeáin an t-athbhreithniú gur gá ann curaclam comhtháite a chruthú ina leagtar amach an fhoghlaim le haghaidh OSPS/OCG ar bhealach soiléir comhleanúnach agus cuimsitheach ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil.
- **Ábhar nuashonraithe -** Tharraing an t-athbhreithniú aird ar an tábhacht a bhaineann le filleadh ar churaclam OCG agus é a nuashonrú. Agus an curaclam á athfhorbairt, sainaithníodh na nithe seo a leanas mar thopaicí a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu:
    - Le haghaidh na bunscoile:
        - Toiliú (toiliú a thabhairt isteach mar chroíphrionsabal a bhaineann le gach caidreamh idirphearsanta)
        - Úsáid shábháilte an ghutháin/an idirlín
        - Struchtúir éagsúla teaghlaigh, lena n-áirítear teaghlaigh LADT
        - Grá agus mealladh, lena n-áirítear mealladh comhghnéis
        - Féiniúlacht inscne (an chaoi a bhfeiceann duine é/í féin mar fhireann/bhaineann).
    - Le haghaidh na hiar-bhunscoile:
        - Toiliú
        - Léiriú dearfach sláintiúil gnéasach
        - Na héifeachtaí a bhíonn ag an idirlíon agus na meáin shóisialta ar chaidrimh agus ar fhéinmhuinín
        - Pornagrafaíocht

- Idirdhealú ó thaobh gnéis agus inscne agus foréigean
- Noirm agus ionchais shóisialta agus chultúrtha mar a bhaineann siad le caidrimh agus gnéasacht
- Cúrsaí LADTAI+

- **Leithdháileadh ama -** Ní mór freisin athbhreithniú a dhéanamh ar leithdháileadh an ama a mholtar do OSPS/OCG ag leibhéal na bunscoile agus ag leibhéal na hiar-bhunscoile lena chinntiú gur féidir plé mar is cuí leis an bhfoghlaim thábhachtach san ábhar seo.
- **Forbairt Ghairmiúil:** Thaispeáin an t-athbhreithniú go raibh gá le forbairt ghairmiúil i réimse OCG do mhúinteoirí réamhsheirbhíse chomh maith le múinteoirí inseirbhíse. Tharraing an t-athbhreithniú seo aird ar an eolas, ar na scileanna agus ar na meonta faoi leith atá ag teastáil ó mhúinteoirí OSPS/OCG. Fágann sé sin go bhfuil oiliúint shainiúil d'oideachasóirí, agus go háirithe do mhúinteoirí ag barr na bunscoile agus san iar-bhunscolaíocht, ríthábhachtach.

## 4. Céard atá á dhéanamh de bharr toradh an athbhreithnithe?

## Treoir Eatramhach

Is tosaíocht í forbairt a dhéanamh ar churaclam OSPS/OCG nuashonraithe agus cuimsitheach a fhreastalaíonn ar riachtanais páistí agus daoine óga. Tógann sé seo am, áfach. Tá obair ar fhorbairt an churaclaim in OSPS/OCG á déanamh i gcomhthéacs athbhreithniú níos leithne ar churaclam na bunscoile agus na sraithe sinsearaí atá ar siúl faoi láthair. Chun freastal ar riachtanais láithreacha na múinteoirí, d'fhorbair CNCM treoir eatramhach i bhfoirm tacair acmhainní ar líne. Is iad na hábhair thacaíochta a foilsíodh agus a sholáthraíonn treoir ar an gcaoi ar féidir tabhairt faoin gcuraclam OSPS ar bhealach níos iomlánaíche agus níos ionchuimsitheaí. Tá na hábhair thacaíochta a forbraíodh go dtí seo ar fáil anseo:

- Bunscoileanna
- An tSraith Shóisearach
- An tSraith Shinsearach

Cuirfear leis na hábhair thacaíochta seo sna míonna amach romhainn.

## Acmhainní

Chruthaigh CNCM 'tairseacha' ar líne inar féidir le tuismitheoirí agus le ceannairí scoile acmhainní OSPS/OCG reatha a fháil chomh maith le hacmhainní a bheidh ann amach anseo. Roghnaíodh na hacmhainní seo thíos go cúramach chun tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun teagasc agus foghlaim a phleanáil le haghaidh OSPS. Ní liosta saintreorach é agus tá cead ag gach múinteoir/scoil agus ag gach rang na hacmhainní is fearr dóibh féin a roghnú bunaithe ar a gcuid riachtanas féin. Roghnaíodh na hacmhainní seo toisc gur fhorbair gníomhaireacht nó eagraíocht stáit, ag a bhfuil dea-chuntas teiste oideachasúil sa réimse OSPS/OCG, iad. Rinneadh na hacmhainní a fhorbairt go cúramach de réir thorthaí foghlama/chuspóirí foghlama na gcuraclam OSPS chun pleanáil a éascú. Féadfaidh tú na iad seo a fheiceáil ag na naisc thuas 'Acmhainní le haghaidh Teagaisc agus Foghlama'.

## 5. Cén chaoi a ndéantar an curaclam a fhorbairt? Cé a dhéanann an cinneadh?

In CNCM, déanann na boird agus na grúpaí forbartha an obair ar fhorbairt an churaclaim ar son na Comhairle. Chun bonn láidir, ionadaíoch agus freagrúil a sholáthar dá hobair ar fhorbairt an churaclaim, bunaíonn CNCM grúpaí forbartha chun tabhairt faoi thascanna sonracha i réimsí curaclaim nó in ábhair. Ceapann na páirtithe in oideachas comhaltaí na meithleacha forbartha agus san áireamh tá ionadaithe ó mhúinteoirí, ó bhainistíocht na scoile agus ó thuismitheoirí. Chomh maith leis sin, déantar beirt chomhalta a chomhthoghadh trí phróiseas a bhaineann le tuairimí an phobail le haghaidh léirithe spéise. Tugann dhá ghrúpa forbartha tacaíocht d'obair reatha NCCA ar OCG, grúpa le haghaidh churaclam na bunscoile agus an dara grúpa le haghaidh churaclam na hiar-bhunscoile. Tá réimse leathan taithí agus saineolais ábhartha ag comhaltaí na ngrúpaí, mar a léirítear ag: https://ncca.ie/en/about-ncca/boards-and-development-groups

Bunaítear roghanna i dtaca le nithe a chuimsítear sa churaclam ar thaighde, ar dhea-chleachtas agus ar phlé, mar aon le comhairliúchán fairsing le tuismitheoirí/caomhnóirí,

príomhoidí, múinteoirí agus na páistí/daoine óga iad féin. Chun tuilleadh eolais a fháil i leith ár structúr, tabhair cuairt ar https://ncca.ie/en/about-ncca/about-us/what-we-do/.

## 6. Céard is féidir linn súil a bheith againn leis ó churaclam nua?

Níor roghnaíodh na topaicí agus na torthaí foghlama le haghaidh OSPS/OCG nuashonraithe go fóill. Mar a luaitear thuas áfach, tharraing an t-athbhreithniú aird ar thopaicí áirithe mar thopaicí atá tábhachtach don churaclam nua. I rith an athbhreithnithe bhí comhaontú ann go raibh gá ann bogadh i dtreo cur chuige níos cuimsithí agus níos iomlánaíche maidir le OCG. Chomh maith leis sin, bhí comhaontú ann gur cheart d'OSPS/OCG a bheith ábhartha do riachtanais pháistí, do dhaoine óga sa lá atá inniu ann agus féiniúlachtaí éagsúla agus cúlraí éagsúla a thabhairt san áireamh. Beidh nuashonrú an churaclaim ina léiriú ar na moltaí seo, moltaí a leagadh amach sa Tuarascáil Deiridh an Athbhreithnithe (CNCM, 2019). Ina theannta sin, agus an curaclam á fhorbairt, caitear dua nach beag lena chinntiú go mbíonn an fhoghlaim aois-oiriúnach don pháiste/don duine óg ag gach aon chéim dá chuid foghlama. In CNCM, tá go leor comhairliúchán i gceist le próiseas forbartha curaclaim a bhfuil baint aige le rannpháirtíocht réimse páirtithe leasmhara, tuismitheoirí san áireamh.

## 7. Cén uair is féidir linn súil a bheith againn le curaclam athbhreithnithe OSPS?

Tá CNCM meáite ar churaclam nuashonraithe comhtháite a fhorbairt do OSPS (OCG san áireamh) a chuimseoidh an t-oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile araon. Tá obair ar churaclam OSPS/OCG na sraithe sóisearaí le tosú go luath, agus beidh dréachtsonraíocht nuashonraithe na sraithe sóisearaí ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí ag tús 2022. Nuair a bheidh an obair ar an tsraith shóisearach curtha i gcrích, díreofar ar an tsraith shinsearach agus ansin ar churaclam na bunscoile. De réir mar a fhorbrófar obair na bunscoile agus na hiar-bhunscoile, beifear ag tabhairt faoi chuid mhór oibre leis na príomhpháirtithe leasmhara in earnáil an oideachais agus beidh a lán deiseanna ann le haghaidh comhairliúchán poiblí. Cuireann an t-aiseolas sin ar fad bonn eolais faoin gcuraclam deiridh. Coinnigh súil ar ár suíomh gréasáin le heolas a fháil ar fhorbairtí agus le do bharúil féin a chur in iúl.

## 8. An múinfear sna scoileanna ar fad é?

Tá curaclam náisiúnta ann d'OSPS (OCG san áireamh) a mhúintear i ngach bunscoil agus i ngach iar-bhunscoil. Forbraíonn CNCM an curaclam le haghaidh gach suímh scoile.

## 9. An mbeidh guth ag na tuismitheoirí maidir leis na hathruithe seo?

Beidh, is iad na tuismitheoirí príomhoideachasóirí a gcuid páistí agus is comhpháirtithe tábhachtacha iad i bhforbairtí curaclaim agus measúnachta. Bíonn CNCM ar thóir tuairimí tuismitheoirí agus tugann sé cluas éisteachta dóibh; beidh, agus tabharfaidh le linn do churaclam OSPS/OCG nuashonraithe a bheith á fhorbairt. Tá tuismitheoirí in ann a gcuid tuairimí a chur in iúl ar dhá bhealach. Ar an gcéad dul síos, Tá Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunscolaíocht agus Iar-bhunscolaíocht) mar bhall den Chomhairle CNCM agus arna léiriú ar na boird ar fad agus ar gach grúpa forbartha curaclaim, lena n-áirítear meithleacha forbartha OSPS/OCG. De bhreis air sin, tugann CNCM ról do thuismitheoirí sna comhráite agus sna comhairliúcháin agus dréachtsonraíochtaí á bhforbairt. Éascaítear é sin ar éagsúlacht de shlite – trí chruinnithe déthaobhacha le grúpaí ionadaíocha, trí chruinnithe fócasghrúpa agus trí imeachtaí comhairliúcháin phoiblí, suirbhéanna, agus aighneachtaí scríofa, agus fógrófar gach ceann acu ar shuíomh gréasáin CNCM agus ar na meáin shóisialta.

## 10. Cén áit inar féidir liom tuilleadh a fháil amach faoi fhorbairtí in OCG?

Coinnigh suas chun dáta le heolas faoi fhorbairtí in OCG, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin www.ncca.ie agus lean ár gcúntais ar na meáin shóisialta (Twitter @NCCAie, Instagram @NCCA_irl agus Facebook @NCCA).